**An Feirmeoir agus an Lios**

Bhí feirmeoir ina chónaí in Imleach Slat in Iarthar Dhuibhneach uair amháin. Seán Ó hAiniféin ab ainm dó.

Bhí lios i gceann desna páirceanna ag Seán agus dhein sé deimhin de gan aon díobháil a dhéanamh dó.

Gach lá nuair a chrúdh Seán na ba thagadh bó nó gamhain nó muc nó rud éigin an treo a doirteadh an bainne.



Lá amháin agus é ag seoladh na mbó chuala Seán leanbh ag gol istigh sa lios. "Ó éist," arsa pé duine a bhí ag tabhairt aire dó, "tá na ba ag dul abhaile anois agus beidh flúirse bainne agat láithreach".

Thiomáin Seán leis abhaile agus nuair a bhí na ba crúite aige doirteadh an bainne arís.

Lá arna mháireach chuaigh Seán go béal an leasa san áit a raibh an leanbh ag gol agus labhair sé. "Féach," ar seisean, "is féidir libh ceann de na buaibh a thabhairt libh agus í a chrú maidin agus tráthnóna ach ná cuirigí isteach ar an gcuid eile den bhainne."

Bhí go maith is ní raibh go holc.

Bhíodh an bhó crúite maidin is tráthnóna agus ní chuirtí isteach beag ná mór ar an gcuid eile den mbainne.

An tseachtain dár gcionn bhí an cíos ag glaoch ar Sheán ach ní fhéadfadh sé é a dhíol. Bhí na báillí ag teacht lá arna mháireach.

An oíche roimh ré chuaigh Seán bocht go béal an leasa arís agus labhair go truamhéileach.

"Tá na báillí chun teacht amáireach agus imeoidh bó an linbh agus ní bheidh aon bhraon bainne ansan aige."

Ní bhfuair sé aon fhreagra.

An lá dár gcionn tháinig na baillí ach dá mbeidís ann fós ní fhéadfaidís na ba a thiomáint amach as gort an leasa. Nuair a thagaidís go dtí an mbearna rithidís go barra an ghoirt arís, agus bhíodar ag imeacht mar sin gurbh éigean do na báillí iad a fhágaint ina ndiaidh.

Níor tháinig aon bháille i ngiorracht scread asail do Sheán Ó hAiniféin as san amach.

An Cúntóir Teanga
www.ancuntoir.ie